Camscéim

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chamscéim i mBaile Átha Cliath. Féach féin agus an duine in aice leat ar an ngluais thíos. An gcuidíonn an ghluais libh na focail a bheidh le cloisteáil sa mhír a thuiscint?

calaois – deceit, fraud
coir – crime
ciontach – guilty
caimiléir – crook
foraois – forest
cúisigh – accuse, charge
deonaigh – grant, consent
talamh – ground, land
cláraigh – register
breith – judgement
pian – punishment



comhlacht calaoiseach _____
an Chúirt Choiriúil _____
phléadáil…ciontach _____
caimiléireacht _____
foraoiseacht _____
cúisí _____
scéimeanna deontais _____
doiciméid fóilió talún _____
Clárlann na Talún _____
reoigh _____
éisteacht na pianbhreithe _____

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar phléadáil an bheirt fhear ciontach?
2. Cé mhéad duine a d'infheistigh sa chomhlacht agus cárbh as dóibh?
3. Cén fáth ar infheistigh na daoine seo sa chomhlacht?
4. Cad a bhí sa phaca fáilte a fuair na hinfheisteoirí?
5. Conas a tháinig an chaimiléireacht chun solais?
6. Cé mhéad airgid a aistríodh go dtí cuntas bainc Barclays?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus bain úsáid as na focail ó **Ceist 1** thuas, chun cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar ábhar na míre**.**

Ceist 4 An aimsir chaite

A. Féach ar na hainmneacha briathartha seo. Cén leagan atá ag na briathra céanna san aimsir chaite? Bhí siad le cloisteáil sa mhír.

- ag fáil
- ag pléadáil
- ag úsáid
- ag teacht
- ag fiosrú
- ag cur
- ag aistriú
- ag reo

B. Aimsigh saorbhriathar na mbriathra seo, san aimsir chaite, a bhí le cloisteáil sa mhír freisin:

- abair
- tabhair
- oscail
- aistrigh

Ceist 5 '…Seanchill…'

1. Cad is brí leis an logainm thuas?
2. Cad is brí le Baile Átha Cliath?
3. Cén t-ainm Gaeilge atá ar na cathracha is mó in Éirinn?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An ndearna tú féin caimiléireacht riamh, fiú i gcluiche cártaí mar shampla? Mínigh.
2. Ar chuala tú faoi aon chamscéim eile? Cad a bhí ann?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

comhlacht calaoiseach	*fraudulent company*
an Chúirt Choiriúil	*the Criminal Court*
phléadáil…ciontach	*pleaded guilty*
caimiléireacht	*corruption, cheating*
foraoiseacht	*forestry*
cúisí	*accused person*
scéimeanna deontais	*grant schemes*
doiciméid fóilió talún	*land folio documents*
Clárlann na Talún	*Land Registry*
reoigh	*to freeze/froze*
éisteacht na pianbhreithe	*the sentence hearing*

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

Féach an script

Ceist 4

A.
- fuair
- phléadáil
- d'úsáid
- d'fhiosraigh
- chuir
- d'aistrigh
- reoigh

B.
- dúradh
- tugadh
- osclaíodh
- aistríodh

Ceist 5

1. *Seanchill – old church.*
2. *Baile Átha Cliath – the town of the ford of hurdles.*
3. *Baile Átha Cliath, Béal Feirste, Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh.*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
5.5 milliún euro a fuair beirt fhear gnó a bhí i mbun comhlacht calaoiseach infheistíochta foraoiseachta, a dúradh sa Chúirt Choiriúil i mBaile Átha Cliath inniu.

Phléadáil Garret Hevey agus David Peile ciontach i dtrádáil chalaoiseach agus i gcaimiléireacht a dhéanamh ar infheisteoirí sa chomhlacht. Os cionn 430 duine a dhein[1] infheistíocht i scéim cham a bhí ag an gcomhlacht *Arden Forestry Management*.

Aodhán Ó Maoileoin
Ba stiúrthóir é Garret Hevey, as Seanchill i mBaile Átha Cliath, ar an gcomhlacht *Arden Forestry Management*. Comhlacht é seo a thugadh deis do dhaoine airgead a dhéanamh ar fhoraoiseacht, trí scéimeanna deontais, agus trí thalamh foraoise agus adhmad a dhíol.

D'úsáid Garret Hevey agus an cúisí eile, David Peile, ar as Sasana é ach a raibh seoladh aige i mBré, i gCill Mhantáin, ainmneacha bréige lena gcuid infheisteoirí. Ba as Tuaisceart Éireann, an Bhreatain agus an Eoraip den 430 infheisteoir a bhí ag an gcomhlacht; agus a raibh seoladh bréige aige ar Shráid na Tríonóide.

Cuireadh paca fáilte chuig na hinfheisteoirí uile, ina raibh uimhir teastais adhmaid, agus doiciméid fóilió talún bhréige, a bhí brandáilte ag comhlachtaí dlíthiúla. Ach, ní raibh a fhios ag na comhlachtaí sin gur cháipéisí bréige a bhí iontu.

Tháinig an chaimiléireacht chun solais nuair a tháinig infheisteoir ón bhFionlainn chun a infheistíocht a fheiceáil. Ach dúradh leis nach raibh am le dul chomh fada le Clárlann na Talún agus tugadh ar ais é chuig an aerfort. D'fhiosraigh sé féin an scéal agus fuair sé amach nach raibh an talamh cláraithe agus chuir sé glaoch ar na Gardaí.

Dúradh sa gCúirt gur aistrigh Hevey and Peile os cionn 1.5 milliún euro chuig cuntas bainc in Dubai. Ach, nuair a reoigh na Gardaí cuntas bainc AIB anseo in Éirinn, ina raibh beagnach dhá mhilliún euro, osclaíodh cuntas *Barclays* ansin agus aistríodh os cionn ocht gcead míle euro d'airgead na n-infheisteoirí isteach ann.

Cuireadh siar éisteacht na pianbhreithe go dtí níos deireanaí sa mbliain.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.

[1] *rinne* an leagan caighdeánach